

ELeathanach292

Dé Luain 23 Aibreán 2018

Scéal brónach: bás Avicii

Ba cheoltóir cáiliúil é Avicii agus fuair sé bás an tseachtain seo caite. Ba cheirneoir (DJ) é freisin. Bhí sé ar cuairt san Óman. Is tír Arabach é an tÓman san Áise.

Bhí Avicii ocht mbliana is fiche d'aois. B'ainm stáitse é Avicii -Tim Berling an t-ainm eile a bhí air. Rugadh sa tSualainn é. Bhí ceolchoirm aige i bPáirc Mharlaí in 2015.

Cúpla bliain ó shin d'aistrigh múinteoirí agus daltaí Choláiste Lurgan cúpla amhrán mór le hAvicii go Gaeilge ("Wake Me Up" agus "Hey Brother").

Dúirt Avicii go raibh sé an-sásta leis an bhfíseán de "Wake Me Up" a chuir siad suas ar YouTube. D'fhéach níos mó ná sé mhiliún duine ar an bhfíseán sin ar an idirlíon.



Ealaíontóir óg nua inár measc

Thosaigh comórtas ealaíne *Texaco* i 1965. Cruthaíonn daoine óga píosaí ealaíne don chomórtas. Tá na píosaí ealaíne ón gcomórtas i mbliana agus ó bhlianta eile le feiceáil ar an suíomh <https://www.texacochildrenart.com>.

Cúpla lá ó shin d'fhógair *Texaco* buaiteoir an chomórtais ealaíne i mbliana. Hetty Lawlor an t-ainm atá ar an mbuaiteoir agus is as Cathair na Mart í i gContae Mhaigh Eo. Tharraing sí portráid dá comharsa Gráinne.

Ghlac Hetty páirt sa chomórtas seo cheana féin, agus sa bhliain 1984 bhuaigh a hathair, Jimmy, an comórtas céanna. Bhí seisean sé bliana déag d'aois ag an am. Tá Hetty seacht mbliana déag.

Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin!

Tá clú agus cáil ar Mhanchain, cathair mhór in iarthuaisceart Shasana, mar gheall ar na grúpaí móra ceoil (cosúil le Oasis) a tháinig ón áit.

Ach tá a fhios ag an saol mór agus a mháthair go bhfuil an sacar an-tábhachtach ansin freisin. Imríonn Manchester United cluichí ag Old Trafford. Etihad Stadium an t-ainm atá ar staid Manchester City.

Ag tús na seachtaine chaill Man United cluiche in aghaidh West Brom, leis an scór 1-0. Is foireann lag iad West Brom agus tháinig an toradh sin aniar aduaidh ar gach aon duine.

Mar gheall ar an gcailliúint sin bhuaigh Man City Príomhshraith Shasana don séasúr 2017-18. Bhí díomá ar lucht leanúna Man Utd ar ndóigh, ach bhí lucht leanúna Man City ag ceiliúradh! Bhuaigh Man City i gcoinne Swansea City Dé Domhnaigh leis an scór 5-0.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

